



An Bhruiséil, 5 Iúil 2022
(OR. en)

10791/22

LIMITE

ELARG 55
ME 1

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	An Mheitheal um Méadú agus um Thíortha a bhfuil Aontachas le AE á chaibidil acu
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/an Chomhairle
An:	5 Iúil 2022
Uimh. an doic. roimhe seo:	WK 9357/22 REV 1
Ábhar:	COMHLACHAS LE MONTAINEAGRÓ – Bunú an tseasaimh ón Aontas Eorpach don 11ú cruinniú den Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais

1. De théisclim don 11ú cruinniú den Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais le Montainéagró, tá bailchríoch curtha ag an Meitheal ar an seasamh ón Aontas Eorpach, mar atá sé san Iarscríbhinn anseo feasta.
2. Faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an seasamh ón Aontas a fhormheas, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

AN 11^ú CRUINIÚ DEN
CHOMHAIRLE COBHSAÍOCHTA AGUS COMHLACHAIS
IDIR AN TAONTAS EORPACH AGUS MONTAINÉAGRÓ

An 14 Iúil 2022

Dréacht-Sheasamh ón Aontas

Is díol sásaimh don Aontas Eorpach thionól chruinniú na Comhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas agus Montainéagró. Is deis thráthúil é an cruinniú seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag Montainéagró san ullmhúchán le haghaidh ballraíochta, tar éis na bhFochoistí Cobhsaíochta agus Comhlachais an Choiste Cobhsaíochta agus Comhlachais a tionóladh ó bhí an Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais deiridh ann.

Mír 1. **Glacadh an chláir oibre**

Mír 2. **Formheas na miontuairiscí ón deichiú cruinniú den Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais an 27 Meitheamh 2019**

Mír 3. **An caidreamh faoin bPróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais**

3.1. Straitéis aontachais, go háirithe i bhfianaise Thuarascáil 2021 ón gCoimisiún maidir le Montainéagró

Athdhearbhaíonn an tAontas a tiomantas aonchiallach do dhearcadh Eorpach Montainéagró in iúl an athuair. Is díol sásaimh dó an dul chun cinn foriomlán a rinneadh sa chaibidlíocht aontachais go dtí seo, inar osclaíodh gach ceann de na 33 chaibidil idirbheartaíochta scagtha uile agus inar dúnadh trí chaibidil go sealadach, chomh maith le glacadh na Seirbia leis an modheolaíocht fheabhsaithe um méadú a d'fhormhuinigh Comhairle an Aontais Eorpaigh an 6 Bealtaine 2021. Tar éis na chéad chomhdhála polaitiúla idir-rialtasaigh a reáchtáil le Montainéagró i mí an Mheithimh 2021, ba dhíol sásaimh don Aontas Eorpach gur tionóladh an ceathrú comhdháil idir-rialtasach déag le Montainéagró an 13 Nollaig 2021, lenar cuireadh fóram don idirphlé polaitiúil ar fáil maidir leis an bpróiseas athchóirithe. Is díol sásaimh don Aontas treoir straitéiseach agus uailmhian Mhontainéagró dul chun cinn a dhéanamh sa chaibidlíocht aontachais bunaithe ar dhul chun cinn leanúnach a bheith á dhéanamh maidir le hathchóiriú, agus athdhearbhaíonn sé go bhfuil sé tiomanta do thacaíocht bhreise a thabhairt do Mhontainéagró agus í ag iarraidh ballraíocht an Aontais a bhaint amach.

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gurb é an chéad gharspíoc eile na **tagarmharcanna eatramhacha do Chaibidil 23 agus 24** a chomhlíonadh, sula ngluaisfí i dtreo caibidlí nó cnuasaigh eile a dhúnadh go sealadach. Tá 84 thagarmharc eatramhacha leagtha amach ag an Aontas sa dá chaibidil sin. Áirithítear leis sin cothromaíocht idir dul chun cinn maidir leis an smacht reachta agus dul chun cinn foriomlán na caibidlíochta. A luaithe a thabharfaidh Montainéagró aghaidh ar na bearnaí uile atá fós ann i réimse na saoirse chun tuairimí a nochtadh agus i réimse shaoirse na meán agus a mhéid a bhaineann le comhrac an éillithe agus na coireachta eagraithe, a luaithe a chuirfidh sé dlús le hathchóirithe ar neamhspleáchas, ar ghairmiúlacht agus ar chuntasacht na mbreithiúna agus a luaithe a neartóidh sé iad, beidh Montainéagró in ann tuilleadh céimeanna a thabhairt i dtreo an aontachais. Is é Montainéagró a chinnfidh luas na hoibre sin.

Tugann an tAontas dá aire tiomantas Mhontainéagró i réimse an smachta reachta agus molann sé do Mhontainéagró leanúint de bheith ag obair ar chur chun feidhme na ngnéithe ábhartha uile den bhraisle bunúsach agus aird chuí pholaitiúil a thabhairt agus infheictheacht pholaitiúil a chur ar fáil maidir le hathchóirithe lárnacha, bíodh an smacht reachta, athchóiriú an riaracháin phoiblí, feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha nó na critéir eacnamaíocha i gceist, chomh maith le caibidlí 5 (soláthar poiblí), 18 (staidreamh) agus 32 (rialú airgeadais). I ndáil leis an méid sin, cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá do Mhontainéagró obair leantach a dhéanamh ar bhealach tráthúil diongbháilte maidir leis na moltaí a eisíodh i dtuarascáil Mhontainéagró 2021 ón gCoimisiún.

Molann an tAontas go láidir ailíniú iomlán Mhontainéagró le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais, lena n-áirítear bearta sriantacha an Aontais i ndiaidh fogha gan chúis gan údar na Rúise faoin Úcráin. Is díol sásaimh don Aontas freisin go dtacaíonn Montainéagró le tionscnaimh an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe mar fhreagairt ar an bhfogha sin, ar an dlí idirnáisiúnta agus ar an ord idirnáisiúnta atá bunaithe ar rialacha. Is comhartha láidir é sin de threoshuíomh straitéiseach na tíre agus dá tiomantas don spíoc maidir le haontachas an Aontais. Tá an tAontas ag tnúth go mbeidh ailíniú 100% ann i gcónaí. Is díol sásaimh di na hiarrachtaí atá déanta cheana chun na smachtbhannaí a chur chun feidhme agus molann sé do Mhontainéagró leanúint leis na céimeanna riachtanacha chun na bearta sriantacha a glacadh a chur i bhfeidhm go hiomlán. Le Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta an Aontais do na Balcáin Thiar, tugtar spreagadh mór don réigiún le EUR 9 mbilliún de dheontais agus ráthaíochtaí chun infheistíochtaí suas le EUR 20 billiún a ghíaráil sna deich mbliana amach romhainn. Leis an bplean, féadfar borradh a chur faoi théarnamh agus iomaíochas socheacnamaíoch fadtéarmach an réigiúin, tacú le haistriú glas agus aistriú digiteach an réigiúin, nascacht agus iompar inbhuanaithe, comhtháthú réigiúnach agus trádáil a chothú, agus ar an gcaoi sin comhar agus cóineasú leis an Aontas a neartú freisin. Chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an bPlean a uasmhéadú, ní mór do chomhpháirtithe na mBalcáin Thiar tabhairt faoi athchóirithe eacnamaíocha agus sóisialta ar bhealach cinntitheach chomh maith leis an smacht reachta agus acmhainneacht an Riaracháin Phoiblí a neartú.

Is é an tAontas an soláthraí cúnaimh airgeadais is mó do Mhontainéagró. Tar éis an creat dlíthiúil le haghaidh na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) III a ghlacadh, arb í an phríomhfhoinsé chistiúcháin í, iarrann an tAontas ar Mhontainéagró dlús a chur le hullmhú tionscadal aibí inbhuanaithe. I gcás IPA III 2021, bainfidh Montainéagró tairbhe as clár bliantúil dar luach EUR 34.21 milliún. Fágann an méid sin, le hais dhaonra beag na tíre, go bhfuil Montainéagró ar cheann de na tairbhíthe ag a bhfuil an cúnamh airgeadais is mó ón Aontas Eorpach in aghaidh an duine ar domhan.

Na Critéir Pholaitiúla

Tugann an tAontas dá aire gur lean Montainéagró de na **Critéir Pholaitiúla** a chomhlíonadh go leordhóthanach.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil tiomantas polaitiúil poiblí na n-údarás do threo straitéiseach Mhontainéagró maidir leis an Aontas agus a dtiomantas don phróiseas aontachais á lua go rialta agus go comhsheasmhach mar phríomhthosaíocht don tír agus go léirítear é go ginearálta sna cinntí beartais ábhartha.

A mhéid a bhaineann le **feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha**, cuireann an tAontas in iúl go bhfuil sé ag súil le tiomantas polaitiúil láidir, fíor-rannpháirtíocht agus cothú comhdhearcaidh ó na hinstiúidí agus na gníomhaithe ábhartha uile agus clár oibre athchóirithe an Aontais do Mhontainéagró á chur i gcrích.

Is díol sásaimh don Aontas gur bunaíodh rialtas nua in Aibreán 2022. Tá an tAontas ag súil le bheith ag obair leis na gníomhaithe polaitiúla agus na hinstiúidí uile, a chuireann athchóirithe a bhaineann leis an Aontas Eorpach chun cinn, de mheon cuiditheach. Tá an tAontas ag súil go dtabharfaidh an rialtas aghaidh ar ionchais na saoránach dul chun cinn a dhéanamh maidir le próiseas aontachais an Aontais agus is díol sásaimh dó tosaíocht straitéiseach nua an rialtais dlús a chur le caibidlíocht na tíre maidir le haontachas leis an Aontas. Athdhearbhaíonn an tAontas a thábhachtaí atá díospóireacht pholaitiúil sa Pharlaimint agus a thábhachtaí atá sé dul i mbun comhordú cuiditheach maidir leis na tionscnaimh reachtacha ábhartha uile. Is iad na gníomhaithe polaitiúla uile atá freagrach as sin.

Meabhraítear don Aontas go bhfuil an moladh ó ESCE/ODIHR maidir le hathchóiriú cuimsitheach chun an creat dlí toghcháin a chomhchuíbhiú agus chun príomhghnéithe uile na dtoghchán a rialáil, trí bhíthin próiseas cuimsitheach, i bhfad roimh na chéad toghcháin eile, fós ar feitheamh. Áitíonn sí ar an bParlaimint dul i mbun idirphlé trédhearcach, cinntitheach agus cuimsitheach maidir le moltaí ESCE/ODIHR atá fós gan réiteach a chur chun feidhme.

Is díol sásaimh don Aontas go n-aithnítear agus go gcuirtear **ról eagraíochtaí na sochaí sibhialta** sa phróiseas aontachais chun cinn ar an leibhéal polaitiúil, ach cuireann sé i bhfios go láidir go bhfuil sé fós le neartú a thuilleadh sa chleachtas.

Meabhraíonn an tAontas gurb é an tosaíocht i gcónaí le haghaidh tuilleadh dul chun cinn foriomlán a dhéanamh sa chaibidlíocht aontachais na tagarmharcanna eatramhacha faoi **chaibidlí 23 agus 24** a chomhlíonadh. Tugann sé dá aire gur lean Montainéagró de na pleananna gníomhaíochta maidir le caibidlí 23 agus 24 agus maidir le doiciméid straitéiseacha eile i réimse an smachta reachta a chur chun feidhme. Is díol sásaimh di go bhfuil Montainéagró ag obair chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna a léiríodh i dTuarascáil 2021 ón gCoimisiún Eorpach maidir le Montainéagró, agus le linn na comhdhála idir-rialtasaí a tionóladh i mí na Nollag 2021, lena n-áirítear i réimsí ríthábhachtacha amhail an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán, comhrac an éillithe agus na coireachta eagraithe agus gur gá an méid a baineadh amach roimhe seo san athchóiriú breithiúnach a chaomhnú. Molann an tAontas go gcuirfí dlús leis an obair athchóirithe, agus béim shoiléir á leagan ar bhearnaí criticiúla sainaitheanta, agus an obair sin a phleanáil go críochnúil, agus tá sé tiomanta i gcónaí do chúnamh a thabhairt.

A mhéid a bhaineann leis na **breithiúna**, is díol sásaimh don Aontas go bhfuil roinnt ceapachán breithiúnach ardleibhéil ann le fada an lá, lena dtugtar níos mó cobhsaíochta do na breithiúna agus a fhágann go bhfuiltear ag bogadh i dtreo córas ceartais lánfheidhmiúil a bheidh in ann gníomhú go neamhspleách agus saor ó leasanna dílsithe. Áirítear leis sin cúig chomhalta neamh-ionchúisimh den Chomhairle Ionchúiseach arna gceapadh ag an bParlaimint i mí na Nollag 2021 – rud a d'fhág go raibh an Chomhairle in ann feidhmiú na Parlaiminte a atosú agus Ionchúisitheoir Uachtarach Stáit gníomhach nua a cheapadh d'aon toil. Aithníonn an tAontas freisin gur beart dearfach é gur cheap an Chomhairle Bhreithiúnach aon bhreitheamh déag ar an gCúirt Uachtarach. Thairis sin, is díol sásaimh don Aontas gur ceapadh Príomh-Ionchúisitheoir Speisialta nua, lena dtugtar cobhsaíocht d'Oifig an Ionchúisitheora Speisialta, ar príomhchomhlacht breithiúnach agus forfheidhmithe dlí é. Ar deireadh, tugann an tAontas dá aire gur toghadh ceathrar breithiúna ar an gComhairle Bhreithiúnach agus go rachaidh siad i mbun oifige a luaithe a rachaidh sainordú chomhaltaí breithiúnacha reatha na Comhairle in éag.

Mar sin féin, meabhraítear don Aontas go bhfuil roinnt de na ceapacháin bhreithiúnach thábhachtacha, lena n-éilítear tromlach cáilithe sa Pharlaimint, fós ar feitheamh, lena n-áirítear ceathrar comhaltaí neamhbhreithiúnacha den Chomhairle Bhreithiúnach, Ionchúisitheoir Uachtarach Stáit buan agus triúr breithiúna den Chúirt Bhunreachtúil. Tathantaíonn an tAontas ar an bParlaimint dul i mbun idirphlé trédhearcach, cinntitheach agus cuimsitheach i ndáil leis sin. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró a áirithiú go gceapfar daoine aonair a bheidh in ann gníomhú go neamhspleách saor ó aon tionchar polaitiúil míchuí.

Is oth leis an Aontas nach bhfuil dul chun cinn déanta maidir le cur chun feidhme na bpríomh-athchóirithe breithiúnacha. Tá dul chun cinn teoranta déanta maidir le cuntas teiste a bhunú i ndáil le *neamhspleáchas*, *gairmiúlacht* agus *cuntasacht* sna breithiúna, gnéithe nach mór a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear tríd an gcreat ábhartha bunreachtúil agus dlíthiúil a chur chun feidhme agus trí athruithe reachtacha a ghlacadh i gcomhréir le caighdeáin agus dea-chleachtais Eorpacha. Ionas nach mbainfear an bonn den dul chun cinn maith a rinneadh san am a chuaigh thart, iarrann an tAontas ar Mhontainéagró aghaidh a thabhairt go substaintiúil ar na moltaí uile atá fós gan réiteach ó Choimisiún na Veinése agus ó Ghrúpa Stát i gcoinne na hÉillitheachta (GRECO), tar éis próiseas leathan cuimsitheach comhairliúcháin.

Ní mór *éifeachtúlacht na mbreithiúna* a neartú. Tá an tAontas ag súil go gcuirfidh Montainéagró feabhas ar na córais bainistithe acmhainní daonna, airgeadais, TFC agus bonneagair, go nglacfaidh sé straitéis nua chun an gréasán breithiúnach a chuíchóiriú, agus go gcuirfidh sé straitéis TFC chun feidhme ar mhaithe leis na breithiúna.

I réimse na **láimhseála coireanna cogaidh ar an leibhéal náisiúnta**, is díol sásaimh don Aontas go bhfuil an straitéis um *choireanna cogaidh* a ionchúiseamh á cur chun feidhme go leanúnach, chomh maith leis an dea-chomhar le tíortha comharsanachta agus leis an Sásra Iarmharach Idirnáisiúnta le haghaidh Binsí Coiriúla (IRMCT). Meabhraíonn an tAontas Eorpach, áfach, go bhfuil bacainní áirithe dlíthiúla agus praiticiúla roimh chásanna de chuireanna cogaidh a imscrúdú agus a bhreithniú ó thaobh coireanna cogaidh a imscrúdú, a ionchúiseamh, a thriail agus a phionósú i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta, agus iarrann sé ar Mhontainéagró na bacainní sin a sháru.

Maidir le **saoirse na meán agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh**, is díol sásaimh don Aontas gur neartaíodh an creat dlíthiúil chun iriseoirí agus oibrithe eile sna meáin a chosaint go héifeachtach ar bhagairtí agus ionsaithe, i ndiaidh na leasuithe a bheith déanta ar an gCód Coiriúil, agus na n-iarrachtaí a rinneadh le déanaí chun breathnú ar sheanchásanna. Tá an tAontas ag súil go ndéanfaidh Montainéagró obair leantach bhreithiúnach, obair a bheidh iomlán éifeachtach, ar ionsaithe agus ar bhagairtí, lena n-áirítear na seanchásanna. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil beartas eagarthóireachta níos iolraíche tugtha isteach ag an gceartaíocht poiblí RTCG agus meabhraíonn sé go bhfuil gá le hiarrachtaí leanúnacha chun a áirithiú go bhfuil na caighdeáin is airde ó thaobh neamhspleáchais agus gairmiúlachta de á gcomhlíonadh aige. Molann an tAontas do Mhontainéagró bailchríoch a chur ar an athbhreithniú ar an gcreat dlíthiúil agus beartais i réimse na meán, lena n-áirítear dréachtstraitéis meán a ullmhú, lena bhféadfaí idirphlé leathan cuimsitheach a éascú le páirtithe leasmhara ó na meáin.

A mhéid a bhaineann leis an **éilliú a chosc**, molann an tAontas do Mhontainéagró leanúint den treocht dhearfach maidir le torthaí ón nGníomhaireacht um Éilliú a Chosc agus tá sé ag súil go ndéanfar iarrachtaí leanúnacha chun a ionracas, a neamhchlaontacht agus a cuntasacht a áirithiú, i gcomhréir leis na moltaí ó na misin athbhreithnithe piaraí a rinneadh in 2019 agus in 2021.

I réimse **chomhrac an éillithe**, tá an tAontas ag súil go gcuirfear feabhas ar chuntas teiste na n-imscrúduithe, na ndíotálacha agus na gcinntí cúirte i gcomhrac an éillithe agus an éillithe ardleibhéil, lena n-áirítear imscrúduithe airgeadais, sócmhainní a urghabháil agus a choigistiú, d'fhonn freagairt inchreidte an cheartais choiriúil a bhunú. Tugann an tAontas dá aire na himscrúduithe a sheol Oifig an Ionchúisitheora Speisialta in 2022 maidir le cásanna nua d'éilliú ardleibhéil agus is díol sásaimh dó na hiarrachtaí ar fad chun gníomhú go neamhbhalbh i gcoinne mí-iompair.

Maidir le **cearta bunúsacha**, is díol sásaimh don Aontas gur chuir Montainéagró a hoibleagáidí chun feidhme, ar oibleagáidí iad a eascraíonn as ionstraimí agus reachtaíocht idirnáisiúnta maidir le cearta an duine ach tugann sé dá aire go bhfuil dúshlán fós ann maidir le cur chun feidhme éifeachtach. Ní mór tuilleadh feabhais a chur ar éifeachtúlacht na n-imscrúduithe maidir le húsáid iomarcach a bheith á baint as an lámh láidir ag údaráis forfheidhmithe dlí agus maidir le coireanna fuatha. Tathantaímid ar Mhontainéagró aghaidh a thabhairt ar theagmhais ionsaithe eitneacha nó creidimh, coireanna fuatha agus fuathchainte, ar teagmhais iad a bhfuil méadú leanúnach ag teacht orthu.

A mheabhrú go bhfuil an foréigean inscnebhunaithe, go háirithe foréigean teaghlaigh, ina shaincheist thromchúiseach leanúnach i gcónaí é ó thaobh na coireachta, na sochaí agus na sláinte poiblí de. Montainéagró a spreagadh chun feabhas suntasach a chur ar a chreat dlíthiúil, lena n-áirítear trí dhlús a chur le cur chun feidhme Choinbhinsiún Iostanbúl i gcomhréir le tuarascáil 2018 ón nGrúpa Saineolaithe um ghníomhaíocht in aghaidh foréigean ar mhná agus foréigean baile (GREVIO), lena n-áirítear trí fhoráil a dhéanamh do chomhar ildisciplíneach éifeachtach sa réimse sin agus do thacaíocht leordhóthanach d'íospartaigh.

Meabhraíonn an tAontas Eorpach nach mór do Mhontainéagró rochtain níos fearr ar cheartas a áirithiú d'íospartaigh de sháruithe ar chearta an duine agus de chuireanna chearta an duine. Tugann an tAontas dá aire go dearfach go bhfuil an creat institiúideach agus dlíthiúil á neartú chun cearta daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha, idirinscneacha (LGBTIQ) a chosaint a thuilleadh, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le comhpháirtíochtaí comhghnéis. Meabhraíonn sé nach mór cearta an linbh agus cearta agus cóir neamh-idirdhealaitheach na ndaoine sin ar de mhionlaigh iad agus iad siúd i gcásanna leochaileacha, amhail na Romaigh, iad siúd faoi mhíchumas agus daoine LGBTI a chur chun cinn a thuilleadh. Cuireann an tAontas i dtreis a thábhachtaí atá sé cur leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun comhionannas inscne, cearta na mban agus na gcailíní, mar aon leis an éagsúlacht, a chur chun cinn i ngach réimse.

Tá an tAontas tiomanta i gcónaí cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Oibre na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán, mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbheithniúcháin, agus sa chomhthéacs sin, leanann an tAontas de bheith tiomanta do shláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus do na cearta a bhaineann leo. Á choimeád sin i gcuimhne dó, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil a thiomantas do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine chun smacht iomlán a bheith acu ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte ghnéis agus atáirgthe, saor ó idirdhealú, ó chomhéigean agus ó fhoréigean, agus saor chun cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach ina leith sin. Is mian leis an Aontas a chur i bhfios an athuair go dteastaíonn rochtain uilíoch ar fhaisnéis faoin tsláinte ghnéis agus atáirgthe, ar oideachas (lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéasachta) agus ar sheirbhísí cúraim sláinte a bheidh ar ardchaighdeán, inacmhainne agus cuimsitheach.

I réimse na **gceart saoránachta**, is oth leis an Aontas, in ainneoin an chinidh a fógraíodh roimhe seo deireadh a chur le clár na saoránachta eacnamaíche in 2021, gur chuir an Rialtas síneadh 12 mhí eile leis agus gur ísligh sé le déanaí na ceanglais maidir leis an tsaoránacht sin a fháil. Meabhraítear don Aontas go mbaineann rioscaí leis an scéim sin amhail sciúradh airgid, imghabháil cánach, maoiniú sceimhlitheoireachta, éilliú agus insíothlú na coireachta eagraithe. Tathantaíonn an tAontas ar Mhontainéagró deireadh a chur de réir a chéile, go cinntitheach, leis an scéim a luaithis is féidir. Déanfaidh an tAontas dlúthfhaireachán ar an bpróiseas sin.

I réimse an **Cheartais, na Saoirse agus na Slándála**, is díol sásaimh don Aontas na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag Montainéagró chun ailíniú le *acquis* an Aontais agus chun éifeachtúlacht imscrúduithe coiriúla ar an gcoireacht eagraithe a fheabhsú. Tugadh aghaidh ar chuid de na moltaí a rinneadh i dTuarascáil 2021 maidir le Montainéagró.

I réimse na **himirce agus an tearmainn**, is díol sásaimh don Aontas go ndearnadh sásra sealadach cosanta do shaoránaigh de chuid na hÚcráine a theith ón gcogadh a ghlacadh agus a chur chun feidhme go luath agus tugann sé dá aire na hiarrachtaí atá déanta ag Montainéagró líon mór dídeanaithe ón Úcráin a óstáil. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil laghdú tagtha ar am próiseála na n-iarrataí ar chosaint idirnáisiúnta. Is díol sásaimh di gur glacadh straitéis nua maidir le himirce agus ath-lánpháirtiú fillithe agus go bhfuil comhar neartaithe á dhéanamh ag Montainéagró le Gréasán Imirce na hEorpa agus le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró leanúint dá chuid iarrachtaí chun a acmhainneacht sa réimse sin a neartú, trína chóras clárúcháin imirceach a nuachóiriú, agus acmhainní daonna agus ábhair atá dírithe ar bhainistiú teorainneacha, ar thearmann agus ar ghlacadh a mhéadú.

Tugann an tAontas dá aire nach bhfuil beartas víosaí Mhontainéagró ailínithe go hiomlán fós le liosta an Aontais de na tíortha a bhfuil víosa de dhíth ar a náisiúnaigh agus iarrann sé ar Mhontainéagró céimeanna nithiúla a thabhairt chun ailíniú breise a áirithiú, go háirithe maidir leis na tríú tíortha sin a bhfuil rioscaí don Aontais ag baint leo ó thaobh imirce neamhrialta de nó ó thaobh na slándála de.

Is díol sásaimh don Aontas an dul chun cinn leanúnach atá á dhéanamh ag Montainéagró i **gcomhrac na coireachta eagraithe**, go háirithe clár lárach cuntas bainc a bheith cruthaithe aige, acmhainneacht agus gairmiúlacht na bpóilíní a bheith neartaithe aige, agus an chéad Fhoireann Chomhpháirteach Imscrúdaithe le tríú tír a bheith seolta aige. Tugann an tAontas dá aire gur gabhadh roinnt príomhdhaoine de ghrúpaí coireachta eagraithe agus gur sáraíodh arís eile barrlíon na n-urghabhálacha drugaí. Is díol sásaimh don Aontas an méadú atá tagtha ar líon na gciontuithe deiridh i gcásanna coireachta eagraithe, lena n-áirítear i réimse na gáinneála ar dhaoine. Tugann an tAontas dá aire, áfach, nach mór neartú a dhéanamh ar an gcuntas teiste maidir le smuigleáil tobac agus sciúradh airgid, ar chomhar leis an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí, ar úsáid imscrúduithe airgeadais agus ar an acmhainneacht na fáiltais ón gcoireacht a choigistiú. Áitíonn an tAontas ar Mhontainéagró aghaidh a thabhairt ar roinnt easnamh sistéamach cothrománach ina chóras ceartais choiriúil, lena n-áirítear an chaoi a láimhseáiltear cásanna coireachta eagraithe sna cúirteanna. Chuige sin, beidh gá le beartas pianbhreithnithe ar mó an díspreagadh a ghabhann leo agus le hathbhreithniú ar úsáid na margála pléadála i gcásanna coireachta eagraithe tromchúisí.

Is díol sásaimh don Aontas gur neartaíodh an creat straitéiseach agus institiúideach chun **an t-antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac**. Molann an tAontas do Mhontainéagró leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean Chomhpháirtigh Gníomhaíochta Frithsceimhlitheoireachta do na Balcáin Thiar.

I réimse an **Riaracháin Phoiblí**, is díol sásaimh don Aontas an dul chun cinn atá déanta i mbainistiú an airgeadais phoiblí agus i dtrédhearcacht an bhuiséid. Is díol sásaimh don Aontas gur glacadh an straitéis nua don Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí agus cuireann sé i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé do Mhontainéagró straitéis nua maidir le Bainistíocht Airgeadais Phoiblí a ghlacadh. Is oth leis an Aontas gur íslíodh, le leasuithe ar an Dlí maidir le Státseirbhísigh agus Fostaithe Stáit, a glacadh i mí Eanáir 2021 ar thionscnamh na Parlaiminte, na ceanglais maidir le hearcú fiúntasbhunaithe, inniúlacht agus neamhspleáchas na státseirbhíseach. Molann an tAontas do Mhontainéagró bogadh ar aghaidh go mear le ceapacháin nua chuig na struchtúir chaibidlíochta agus foireann a bhfuil taithí acu i gcúrsaí a bhaineann le próiseas aontachais an Aontais a choinneáil in go leor earnálacha. Tá gá le toil láidir pholaitiúil chun cloí le prionsabal an fhiúntais agus chun an tseirbhís phoiblí a dhípholaitiú go héifeachtach, chun riarachán an stáit a bharrfheabhsú agus chun an chuntasacht bhainistíochta a chur chun feidhme go héifeachtach. Is ábhartha cás na bhfiontar atá faoi úinéireacht stáit freisin i ndáil leis sin. Tathantaíonn an tAontas ar Mhontainéagró a áirithiú go ndéanfar comhairliúcháin phoiblí chuimsitheacha mar is cuí chun rannpháirtíocht na saoránach agus na sochaí sibhialta sa cheapadh beartas a fheabhsú, agus aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar tharmligean na cinnteoireachta agus na cuntasachta bainistíochta. Meabhraíonn an tAontas go bhfuil sé ríthábhachtach rochtain ar fhaisnéis a áirithiú chun tuilleadh trédhearcachta agus cuntasachta a áirithiú i leith na seirbhíse poiblí agus cuireann sí i dtreis gur gá an creat dlíthiúil nua maidir le rochtain ar fhaisnéis a ghlacadh agus a chur chun feidhme i gcomhréir le Prionsabail an Riaracháin Phoiblí.

Is díol sásaimh don Aontas tiomantas cuiditheach Mhontainéagró don **dea-chaidreamh comharsanachta agus don chomhar réigiúnach**, atá ina chuid ríthábhachtach de phróiseas lánpháirtithe Eorpaigh Mhontainéagró agus a chuireann le cobhsaíocht, le hathmhuintearas agus le timpeallacht ina bhféadfar aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna déthaobhacha oscailte agus ar oidhreacht an ama a chuaigh thart. Tugann an tAontas dá aire gur shínigh Montainéagró coinbhinsiún déthaobhach maidir le comhar réigiúnach faoi Airteagal 15 den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais (CCC) leis na comhpháirtithe go léir ag a bhfuil CCC i bhfeidhm. Tacaíonn an tAontas leis an gCómhargadh Réigiúnach a sheol ceannairí na mBalcán Thiar ag Cruinniú Mullaigh Shóifia i mí na Samhna 2020, agus meabhraítear dó go leanfaidh an comhar réigiúnach cuimsitheach iomlán mar a sainaithníodh i bplean gníomhaíochta an Chómhargaidh Réigiúnaigh de bheith ríthábhachtach chun lántairbhe a bhaint as acmhainneacht an réigiúin agus as an bPlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta.

Molann an Chomhairle Montainéagró go láidir as a chomhar comhsheasmhach i leith shaincheistanna an bheartais eachtraigh, agus go mór mór ailíniú iomlán leanúnach na tíre le **Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais**. Is díol sásaimh don Aontas rannchuidiú Mhontainéagró le misin agus le hoibríochtaí CBSC de chuid an Aontais.

Meabhraíonn an tAontas Eorpach nach gcomhlíontar, le comhaontú déthaobhach díolúine 2007 le Stáit Aontaithe Mheiriceá, Comhsheasamh an Aontais maidir le sláine Reacht na Róimhe ná le treoirphrionsabail ghaolmhara an Aontais maidir le comhaontuithe déthaobhacha díolúine, agus nach mór do Mhontainéagró ailíniú le seasamh an Aontais.

Critéir eacnamaíocha

Is díol sásaimh don Aontas gur thíolaic Montainéagró a Chlár Athchóirithe Eacnamaíoch (CAE) an 31 Eanáir 2022. Sa chomhthéacs sin, tugann an tAontas dá aire go bhféadfadh sé go n-imeodh na cásanna macraifhioscacha arna gcur i láthair i CAE i léig de bharr iarmhairtí eacnamaíocha chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Tarraingíonn an tAontas aird ar chonclúidí comhpháirteacha an Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais, a glacadh an 24 Bealtaine 2022, idir Comhairle ECOFIN de chuid an Aontais agus na Balcáin Thiar agus an Tuirc. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró obair leantach a dhéanamh ar an treoir bheartais a thugtar sna conclúidí sin ar bhealach iomlán tráthúil.

Tugann an tAontas dá aire, tar éis dó an cúlú eacnamaíoch is doimhne a fhulaingt san Eoraip in 2020, gur tháinig fás láidir, dédhigiteach ar gheilleagar Mhontainéagró in 2021 (12,4 %), ach gan téarnamh go hiomlán go dtí an leibhéal a bhí aige roimh an bpaindéim. A bhuí le hathoscailt theorainneacha na tíre, tháinig athbheochan ar an turasóireacht in 2021, agus d'eascair tionchair dhearfacha as sin le haghaidh na seirbhísí uile a bhaineann léi. Mar gheall ar an méadú ar líon na gcuaríteoirí go dtí thart ar 70-80 % de na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim, tháinig téarnamh páirteach ar thomhaltas príobháideach agus tháinig méadú ar allmhairí. Mar sin féin, bhí dálaí mhargadh an tsaothair fós thíos le héifeachtaí diúltacha na paindéime, in ainneoin bearta tacaíochta ón stáit chun poist a chaomhnú. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú ar an bhfostaíocht bliain ar bhliain, ó thús na paindéime i mí Mhárta 2020 go dtí Meitheamh 2021.

Molann an tAontas na húdaráis as a bhfreagairt thráthúil spriocdhírithe beartais ar an ngéarchéim, a coigeartaíodh de réir mar a tháinig athrú ar chúrsaí. Molann sé an rialtas freisin as an téarnamh eacnamaíoch a chonacthas ón dara ráithe de 2021. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir, ag an am céanna, go mbeidh an téarnamh tar éis COVID-19 ag brath ar iarrachtaí leanúnacha an rialtais an caiteachas poiblí a shrianadh, an t-easnamh a laghdú agus an t-airgeadas poiblí (agus an geilleagar i gcoitinne) a chur ar chosán na hinbhuanaitheachta. Beidh na hiarrachtaí sin níos lárnaí fós agus tionchar eacnamaíoch chogadh na Rúise ar an Úcráin a bheith ag dul i bhfeidhm ar gheilleagar Mhontainéagró freisin.

Molann an tAontas do Mhontainéagró aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin mheántéarmacha a bhaineann leis an iomaíochas agus leis an bhfás fadtéarmach tríd an ngeilleagar a éagsúlú, an timpeallacht rialála a fheabhsú, gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh chun dul i ngleic leis an ngeilleagar neamhfhoirmiúil agus cur leis an bhfostaíocht, go háirithe dóibh siúd atá dífhostaithe go fadtéarmach, mná agus daoine óga. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá digiteáil na hearnála poiblí chun feabhas a chur ar a héifeachtúlacht, lena n-áirítear idir-inoibritheacht na mbunachar sonraí ábhartha a áirithiú i gcomhthéacs cruthú fostaíochta agus cánachas, coigeartú méide agus athchóirithe an riaracháin phoiblí agus an t-athrú glas sa chomhthéacs sin.

Cuireann an tAontas i dtreis go bhfuil an smacht reachta rithábachtach chun fás eacnamaíoch inbhuanaithe a áirithiú. Réamhriachtanais le haghaidh timpeallacht atá fabhrach don infheistíocht agus don ghnó is ea córais bhreithiúnacha éifeachtacha neamhspleácha lena bhforáiltear do dheimhneacht dhlíthiúil do chuideachtaí agus d'infheisteoirí, forfheidhmiú tráthúil conarthaí agus trédhearcacht sa phróiseas reachtóireachta.

Ina theannta sin, iarrann an tAontas Eorpach ar Mhontainéagró a áirithiú go gcloífead, i gcás gníomhaíocht a mhaoineítear ar bhonn eachtrach, le luachanna, noirm agus caighdeán an Aontais, go háirithe i réimsí tábhachtacha amhail an smacht reachta, soláthar poiblí, an comhshaol, fuinneamh, bonneagar agus iomaíocht.

Acquis an Aontais

Is díol sásaimh don Aontas an dul chun cinn atá déanta ag Montainéagró maidir lena reachtaíocht a ailíniú le *acquis* an Aontais agus maidir lena ghealltanais a chur chun feidhme faoi fhorálacha trádála CCC agus faoi forálacha CCC a bhaineann le trádáil.

Tugann an tAontas dá aire go leanann Montainéagró d'aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí atá aici i ndáil leis an **margadh inmheánach**. Tugann an tAontas dá aire gur teoranta an dul chun cinn a rinneadh maidir le hailíniú leis an *acquis* i réimse na **saorghluaiseachta earraí**, ós rud é nár glacadh roinnt gníomhartha reachtacha tábhachtacha. Athdhearbhaíonn an tAontas a thábhachtaí atá sé go n-áiritheoidh Montainéagró go gcuirfead acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais ar fáil dá comhlachtaí um fhaireachas margaidh, um chaighdeánú agus um chreidiúnú agus go mbeidh an Institiúid Mhontainéagró um Chaighdeánú ina comhalta iomlán de na Coistí Eorpacha ábhartha (CEN/CENELEC). Molann sé do Mhontainéagró freisin reachtaíocht bainistithe ceimiceán a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú i gcomhréir le creat rialála an Aontais.

Maidir leis an **gceart bunaíochta agus saoirse chun seirbhísí a sholáthar**, rinneadh dul chun cinn maith i gclárú leictreonach cuideachtaí, agus ag an am céanna leanadh den ullmhúchán chun Ionad Ilfhreastail a bhunú. Ba cheart do Mhontainéagró leanúint de chur chun feidhme an phlean náisiúnta maidir le cáilíochtaí a fhorbairt do ghairmeacha rialáilte. Maidir le seirbhísí poist, tá ailíniú iomlán le *acquis* an Aontais le baint amach go fóill. Ghlac Montainéagró plean gníomhaíochta 2021-2022 chun an straitéis forbartha poist a chur chun feidhme.

Is díol sásaimh don Aontas an dul chun cinn maith atá déanta sna réimsí a leanas: an **soláthar poiblí**, lena ngabhann feabhsuithe ar an gcóras réitigh, cur chun feidhme na ndlíthe maidir le comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí agus soláthar poiblí, agus rialáil rialacha soláthair i réimse na cosanta agus na slándála. Is céim mhór chun tosaigh maidir le trédhearcacht agus éifeachtúlacht na bpróiseas soláthair poiblí é cur chun feidhme an chórais nua leictreonaigh soláthair poiblí in 2021. Molann an tAontas do Mhontainéagró an córas soláthair poiblí leictreonach a fhorbairt a thuilleadh agus prionsabail soláthair poiblí an Aontais a urramú go hiomlán agus an lamháltas á bhronnadh chun aerfoirt Mhontainéagró a oibriú. I réimse na **gceart maoine intleachtúla**, laghdaíodh an comhar idir na húdaráis lena mbaineann mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus ba cheart anois dlús a chur leis arís. Rinneadh dul chun cinn maidir le hailíniú leis an *acquis* i ndáil le paitinní, rúin trádála agus i réimse an chóipchirt agus na gceart gaolmhar, ach tá sé fós le tabhairt chun críche, áfach. Ní mór leanúint d'acmhainneachtaí riaracháin a neartú. Tá glacadh ar feitheamh i gcás straitéis nua náisiúnta um maoin intleachtúil.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil dul chun cinn leanúnach á dhéanamh ag Montainéagró i réimse na **hiomaíochta**. Maidir le bheith in aghaidh trastaí agus maidir le cumaisc, ní mór don údarás neamhspleách um iomaíochas agus Státchabhair (APC – an Ghníomhaireacht um Chosaint Iomaíochta) a chuid cumhachtaí forfheidhmiúcháin a úsáid ina n-iomláine, tuilleadh cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh, agus úsáid a bheartais trócaire a chur chun cinn a thuilleadh mar mhodh chun cairtéil a aimsiú. Caithfear neartú suntasach fós a dhéanamh ar acmhainneacht na cúirte cásanna casta iomaíochta a láimhseáil, neartú a mbeadh tionchar dearfach aige ar iarratais ar thrócaire. Maidir le Státchabhair, feabhsaíodh leibhéil chur chun feidhme agus fhorfheidhmiú na reachtaíochta agus ní mór tosaíocht a thabhairt dóibh ar an gclár oibre, ós rud é nach leor an acmhainneacht forfheidhmiúcháin fós. Ba cheart do APC iarrachtaí suntasacha a dhéanamh i dtreo earcaíochtaí nua agus i dtreo fothú acmhainneachta a bhaineann leo. Mar thoradh ar an moladh ó APC, ghlac Parlaimint Mhontainéagró Creat Sealadach le haghaidh bearta Státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar i gcomhthéacs ráig COVID-19, atá ailínithe le creat an Aontais. Bunaíodh cláir ghinearálta mar aon le cláir shonracha Státchabhrach, do chabhair *de minimis* agus do bhearta COVID-19, a chuireann leis an trédhearcacht. Ní mór do Mhontainéagró a áirithiú go n-iarrfaidh na húdaráis um dheonú ar údarás na Státchabhrach státhabhair ionchasach a fhorfheidhmiú sula ndeonófaí an chabhair sin. I gcás inar deonaíodh státhabhair gan formheas a fháil roimh ré, rinne APC dul chun maidir leis an gcabhair sin a athbhreithniú ina dhiaidh sin, agus measúnú á dhéanamh aige ar a comhoiriúnacht. D’eisigh sé trí thuairim dhiúltacha maidir le cabhair d’Aerlínte Mhontainéagró, a dúradh i mí na Nollag 2020, agus léirigh sé cuntas teiste feabhsaithe. Ní mór do Mhontainéagró a áirithiú go bhfuil rochtain ag APC ar an bhfaisnéis uile is gá chun an *acquis* maidir le Státchabhair a chur chun feidhme. Áirítear air sin mórtionscadail a dhéantar i gcomhar le tríú tíortha amhail mórbhealach Bar-Boljare, ar gá dóibh forálacha Státchabhrach an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais a chomhlíonadh.

Maidir le **seirbhísí airgeadais**, aithníonn an tAontas an obair atá déanta cheana maidir le hailíniú, ach tugann sé dá aire go bhfuil gá le hiarrachtaí suntasacha breise chun ailíniú a dhéanamh leis an *acquis* atá ann cheana sa réimse sin agus chun é a chur chun feidhme. Is díol sásaimh di gur tugadh chun críche an t-athbhreithniú neamhspleách ar an gcáilíocht sócmhainní sa chóras baincéireachta agus tugann sí dá haire go bhfuil an córas baincéireachta sa tír fós cobhsaí.

I réimse na **sochaí faisnéise agus na meán**, rinneadh dul chun cinn go háirithe maidir le cumarsáid leictreonach agus teicneolaíochtaí faisnéise lena n-áirítear i dtreo líonra 5G a bheidh ann amach anseo agus i dtreo tuilleadh laghdaithe ar mhuirir fánaíochta sa réigiún amhail ón 1 Iúil 2021. Glacadh creat straitéiseach nua maidir leis an gclachlú digiteach. Ní mór do Mhontainéagró a chumas riaracháin a neartú chun *acquis* an Aontais a fhorfheidhmiú, ailíniú reachtach a chomhlánú go háirithe maidir leis na meáin chlosamhairc, neamhspleáchas oibríochtúil rialtóirí na meán agus an chraoltóra seirbhíse poiblí a áirithiú, agus dul chun cinn a dhéanamh maidir le cumhachtaí a thabhairt don ghníomhaireacht rialála um na meáin leictreonacha smachtbhannaí a fhorchur. Beidh gá le comhsheasmhacht an chreata reachtaigh maidir leis na meáin a áirithiú agus an próiseas reachtach a sheoladh ar bhealach cuimsitheach agus trédhearcach, trí idirphlé leis na geallsealbhóirí ábhartha uile.

Molann an tAontas do Mhontainéagró leanúint dá phlean gníomhaíochta a chur chun feidhme maidir leis an *acquis* a ailíniú, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú i réimse **na talmhaíochta agus na forbartha tuaithe** agus straitéis nua a ghlacadh don chéad tréimhse eile ina ndéanfar gnéithe cholún na gcóras bia inbhuanaithe a chomhtháthú sa Chlár Oibre Glas. Rinne Montainéagró dul chun cinn maidir le clár réamhaontachais an Aontais um fhorbairt tuaithe (IPARD II) a chur chun feidhme, trí bhearta breise IPARD a iarraidh agus a chur ar iontaoibh agus ba cheart dó dlús a chur leis an gcur chun feidhme. Leanfaidh an tAontas de chúnamh airgeadais agus saineolas a chur ar fáil faoi IPARD III.

Tugann an tAontas dá aire dul chun cinn maith leanúnach i réimse na **sábháilteachta bia, an bheartais tréidliachta agus fiteashláintíochta**. Cuireadh chun feidhme de réir sceidil an straitéis athbhreithnithe um ailíniú le *acquis* an Aontais agus lena chur chun feidhme. Leanadh de chur chun feidhme na gclár náisiúnta chun cáilíocht an bhainne amh a fheabhsú agus chun bunaíochtaí próiseála bia a uasghrádú de réir chaighdeáin an Aontais, agus tá níos mó ná 50 % de na bunaíochtaí bia i gcomhréir leis na caighdeáin sin anois. Tugadh vacsaíní i gcrích go rathúil, rud a chuidigh le deireadh a chur leis an ngalar gormtheanga agus leis an gconfadh sa réigiún agus san Aontas Eorpach.

I réimse an **iascaigh**, tugann an tAontas dá aire gur lean Montainéagró dá phlean gníomhaíochta a chur chun feidhme maidir le *acquis* an Aontais a ailíniú, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú agus molann sé do Mhontainéagró an t-ullmhúchán don straitéis nua iascaigh agus dobharshaothraithe agus an plean gníomhaíochta a bhaineann léi a thabhairt chun críche. Tá reachtaíocht réime thábhachtach ar feitheamh go nglacfaidh an Pharlaimint í. Leanadh de ghníomhaíochtaí cigireachta agus rialaithe, lena n-áirítear chun stop a chur le gach cineál iascaireachta mídhleathaí. Cuireadh i bhfeidhm go hiomlán soitheach úrscothach nua cigireachta. Lean Montainéagró dá ról gníomhach ar an leibhéal idirnáisiúnta, amhail sa Choimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM) agus i gcur chun feidhme na Straitéise Eorpaí don Réigiún Aidriach agus Iónach (EUSAIR).

In earnáil an **iompair**, is oth leis an Aontas nach ndearnadh aon dul chun cinn agus go bhfuil athchóirithe tábhachtacha fós le déanamh. Baineann sé sin, *inter alia*, le hiarrachtaí chun údarás neamhspleách rialála agus sábháilteachta a chruthú san earnáil iarnróid agus ballraíocht iomlán a fháil i Meabhrán Tuisceana Pháras maidir le rialú stáit ar chalafoirt.

Maidir le **fuinneamh**, tugann an tAontas dá aire, d'ainneoin an dul chun cinn foriomlán a rinneadh go dtí seo, gur cuireadh moill ar athchóirithe le blianta beaga anuas agus go bhfuil an-chuid tionscnaimh dhlíthiúla ar feitheamh. Téann cuid de na tograí atá ar feitheamh siar go dtí 2015, amhail an dlí maidir le cinnteacht an tsoláthair táirgí ola agus bunú an chomhlachta stocshealbhaíochta do chúltaiscí ola éigeantacha, an dá phíosá riachtanacha reachtaíochta sa chomhthéacs eacnamaíoch atá ann faoi láthair. Tá dul chun cinn sa réimse sin ag brath ar ghlacadh agus cur chun feidhme na ngníomhartha sin agus gníomhartha dlíthiúla eile atá ar feitheamh. Lena chois sin, tá cinntí tábhachtacha fós le glacadh mar ábhar tosaíochta, amhail na cinntí sin a bhaineann leis na pleananna chun deireadh a chur de réir a chéile leis an ngléasra cumhachta teirmí in Pljevlja.

Maidir le **cánachas**, is díol sásaimh don Aontas an dul chun cinn suntasach a rinneadh i ndáil le cur chun feidhme Chreat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac ar tháirgí tobac agus deochanna alcólacha a mharcáil le stampa rialaithe máil. Mar sin féin, tugann sé dá aire cur chun feidhme teoranta an phlean gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna ar tarraingíodh aird orthu san anailís ar an uirlis chun measúnú diagnóiseach a dhéanamh ar riarachán cánach. Chomh maith leis sin, molann an tAontas do Mhontainéagró tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le deireadh a chur le díolúintí CBL agus díolúintí cánach eile nach bhfuil ailínithe le *acquis* an Aontais agus maidir le hacmhainní na gcoimisinéirí ioncaim agus an riaracháin chustaim a fhorbairt a thuilleadh agus cosc a chur ar eis-sreabhadh ball foirne cáilithe agus oilte.

Maidir le cúrsaí **custaim**, molann an tAontas do Mhontainéagró na hullmhúcháin dá aontachas leis an gCoinbhinsiún maidir le nós imeachta coiteann idirthurais a thabhairt chun críche trí chóras iompair ríomhairithe a bheadh comhoiriúnach lena bhfuil san Aontas a bhunú. Iarrann sé freisin ar Mhontainéagró faireachán cúramach a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag an atheagrú ar an riarachán custaim ar amlínte na gclár custaim atá ar siúl faoi láthair agus ar fhothú acmhainneachta sa réimse sin. Ní mór tuilleadh moilleanna a sheachaint. Tá dúshlán fós ann maidir le trádáil aindleathach tobac a laghdú trí shaorchrios chalafort Bar. Céim sa treo ceart is ea cinneadh 2021 stóráil táirgí tobac sa saorchrios a thoirmeasc, ach ní leor sin as féin. Mar shampla, tá na socrúithe idirthurais atá ann cheana maidir le táirgí tobac fós ina dhúshlán suntasach. Is díol sásaimh don Aontas na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag Montainéagró chun a chomhar idirnáisiúnta a fhorbairt i ndáil leis an méid sin.

I réimse an **staidrimh**, tugann an tAontas dá aire gur leanadh den obair ar chomhchuibhiú na modheolaíochta staidrimh le caighdeáin an Aontais agus ar tharchur sonraí chuig Eurostat a mhéadú, ach tugann sé dá aire an easpa tacar sonraí bunúsacha maidir le maoiniú rialtais. Sa réimse sin, ach ar bhonn níos ginearálta, is réamhchoinníoll lárnach é comhar idir na príomhtháirgeoirí staidrimh chun go n-éireoidh le Montainéagró ailíniú le *acquis* an Aontais. Tugann an tAontas dá aire freisin nach leor na hacmhainní airgeadais agus daonna atá ag Oifig Staidrimh Mhontainéagró (Monstat) agus nach mór aghaidh a thabhairt ar an easpa saineolais i réimsí áirithe. Dá bhrí sin, molann an tAontas do Mhontainéagró acmhainní daonna agus airgeadais Monstat a neartú agus tuilleadh ailínithe a dhéanamh le Córas Cuntas Eorpach (CEC) 2010, lena n-áirítear sonraí a chur ar fáil maidir le staidreamh airgeadais rialtais agus maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé neamhspleáchas gairmiúil Monstat a urramú agus meabhraítear dó tiomantas Mhontainéagró gan cur isteach polaitiúil a dhéanamh ar staidreamh oifigiúil. Cuireann an tAontas i dtreis gur gá do Mhontainéagró an daonáireamh agus an t-áireamh tithíochta náisiúnta a eagrú i gcomhréir le ceanglais agus moltaí an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire go leanann an phaindéim de thionchar tábhachtach a imirt ar an margadh saothair. I réimse **an bheartais shóisialta agus na fostaíochta**, molann an tAontas do Mhontainéagró dlí an tsaothair a chur chun feidhme go héifeachtach agus é a ailíniú a thuilleadh leis an *acquis*, go háirithe maidir le frith-idirdhealú. Is díol sásaimh don Aontas na hiarrachtaí atá déanta go dtí seo maidir leis an ráthaíocht don aos óg a thabhairt isteach i Montainéagró agus molann sé tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh maidir lena cur chun feidhme. Is tosaíocht i gcónaí iad beartais ghníomhacha maidir le margadh an tsaothair atá bunaithe ar fhianaise, atá dea-dheartha, go háirithe iad siúd atá dírithe ar mhná, daoine óga, daoine faoi mhíchumas, mionlaigh agus daoine leochaileacha a bhfuil tionchar ag an bpaindéim orthu, lena n-áirítear Romaigh agus Éigiptigh. I ndáil leis an méid sin, molann an tAontas do Mhontainéagró leanúint dá athchóiriú ar an gcóras cosanta sóisialta chun a áirithiú go ndíreofar ar na daoine is leochailí agus go ndéanfar iad a chosaint, agus aird á tabhairt ag an am céanna, a mhéid a bhaineann leis an gcóras cosanta sóisialta, ar bheartas gníomhach maidir leis an margadh saothair agus aghaidh a thabhairt ar shaincheist an dí-institiúidithe.

Maidir le **heolaíocht agus taighde**, molann an tAontas do Mhontainéagró leanúint de bheith ag tógáil ar a rannpháirtíocht sa chlár Fis Eorpach chun comhar níos fearr a chothú idir earnáil na tionsclaíochta agus earnáil an taighde phoiblí. Athdhearbhaíonn an tAontas a thábhachtaí atá iarrachtaí chun infheistíocht sa taighde a mhéadú (agus béim ar leith á leagan ar infheistíocht san earnáil phríobháideach a mhéadú) agus feabhas á chur ag an am céanna ar bhailiú na sonraí staidrimh maidir le taighde, forbairt agus nuálaíocht. Molann an tAontas do Mhontainéagró a áirithiú go mbeidh ról níos gníomhaí ag an straitéis um speisialtóireacht chliste chun tacú leis an iomaíochas agus leis an bhfás ar fud na tíre.

Tugann an tAontas dá aire gur chuir paindéim COVID-19 isteach go mór ar earnáil an **oideachais**, a raibh a freagairt dírithe ar leanúnachas a choinneáil tríd an gcianfhoghlaim, agus molann sé do Mhontainéagró leanúint d'iarrachtaí athchóirithe ar gach leibhéal agus rialachas earnála a neartú arb é is aidhm dó seirbhísí oideachais níos éifeachtaí a chur ar fáil. Cuireann an tAontas i dtreis nach mór córas faireacháin agus meastóireachta atá feidhmiúil a bheith ag gabháil leis na bearta athchóirithe. I dteannta athchóiriú ar an gcuraclam agus mar bhealach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais mhargadh an tsaothair, is díol sásaimh don Aontas an oiliúint phraiticiúil leanúnach ag leibhéal an ardoideachais agus rannpháirtíocht mhéadaithe na mac léinn agus na bhfostóirí araon sa chlár déoideachais i ngairmoideachais agus gairmoiliúint. Molann an tAontas go ndéanfaí tionscnaimh bhreise chun bunscileanna agus idirscileanna idirdhisciplíneacha, fiontraíocht agus gairmthreoir atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de a threisiú agus athdhearbhaíonn sé a thábhachtaí atá oiliúint agus forbairt múinteoirí chun cur le gnóthachtáil na mac léinn. Meabhraítear don Aontas gur gá an rochtain ar sheirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige agus a gcáilíocht a neartú agus a thábhachtaí atá oideachas cuimsitheach do gach cailín agus buachaill. Molann an tAontas do Mhontainéagró luachanna an Aontais a chur chun cinn i ngach cuid dá chóras oideachais, go háirithe an t-iolrachas, an neamh-idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas inscne.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil leibhéal áirithe ullmhúcháin bainte amach ag Montainéagró i réimse **an chomhshaoil agus an athraithe aeráide**. Rinneadh dul chun cinn teoranta ó thaobh tuilleadh ailínithe a dhéanamh le *acquis* an Aontais maidir le cosaint an dúlra nó chun an plean náisiúnta fuinnimh agus aeráide a fhorbairt i gcomhréir leis na moltaí ón gComhphobal Fuinnimh. Caithfear aghaidh a thabhairt, mar ábhar práinne, ar an easpa acmhainneachta riaracháin agus acmhainní airgeadais ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil agus ar an easpa comhordaithe idirinstiúidigh atá ann. Molann an tAontas do Mhontainéagró dlús a chur leis an dul chun cinn, go háirithe i réimsí an uisce, na dramhaíola, an dúlra agus an athraithe aeráide. Sna blianta amach romhainn, ba cheart do Mhontainéagró dlús a chur leis na huaillmhianta i dtreo aistriú glas, rannpháirtíocht éifeachtach an phobail sa chinnteoireacht a áirithiú agus breithnithe comhshaoil agus athraithe aeráide a chomhtháthú go córasach in earnálacha eile, lena n-áirítear an turasóireacht agus an fuinneamh.

Rinneadh dul chun cinn chun cosaint a dhéanamh ar na láithreáin Natura 2000 a d'fhéadfadh a bheith ann, agus gnáthóg éan Ulcinj Salina, ar tugadh stádas tábhachta idirnáisiúnta dó in 2019 agus ar soiléiríodh i mí Iúil 2021 gur leis an stát í, agus bainistíocht inbhuanaithe á cur chun feidhme i gcomhar leis an nGearmáin. Cuireann an tAontas i dtreis gur gá limistéir chosanta, agus láithreáin Natura 2000, a d'fhéadfadh a bheith ann, a chaomhnú agus a fheabhsú, go háirithe Loch Skadar agus Abhainn Tara, a ndearna tógáil mhórbhealaigh Bar-Boljare damáiste dóibh. Cuireadh stop le traenáil mhíleata ar shliabh Sinjajevina, ar cuid de thearmann bithsféir Abhainn Tara UNESCO é. In 2021, fógraíodh Platamuni, Katič agus Stari Ulcinj mar na chéad limistéir mhuirí faoi chosaint i Montainéagró. Cuireann an tAontas i dtreis nach mór speicis mhuirí a chosaint, mar shampla le linn suirbhéanna seismeacha do thaiscéalaíocht ola agus gáis. Rinneadh dul chun cinn i réimse na bainistíochta dramhaíola tionsclaíche (feabhsú líonta talún). Tugann an tAontas dá aire gur sheol an Comhphobal Fuinnimh nós imeachta in aghaidh Mhontainéagró, toisc go bhfuil gléasra cumhachta guail Pljevlja fós ag feidhmiú in ainneoin gur sháraigh sé an líon údaraithe uaireanta oibriúcháin faoi *acquis* an Aontais.

Molann an tAontas do Mhontainéagró comhsheasmhacht a áirithiú idir an straitéis náisiúnta don athrú aeráide agus creat beartais 2030 an Aontais don aeráid agus don fhuinneamh. Sa bhreis ar ghlacadh an dlí réime maidir leis an athrú aeráide in 2019 agus bunú an chórais náisiúnta trádála astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin in 2020, tá gá fós le hobair shuntasach chun ailíniú le *acquis* an Aontais, lena n-áirítear maidir le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (ETS), an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill agus an Sásra Faireacháin agus Tuairiscithe (MMR). I mí Iúil 2020, ghlac an rialtas an tríú tuarascáil náisiúnta ar an athrú aeráide i gCreat-Choibhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide agus i mí na Nollag 2021 ghlac sé an tríú tuarascáil nuashonraithe dhébhliantúil ar an athrú aeráide. I dtuarascáil mhí an Mheithimh 2021 chun an rannchuidiú nuashonraithe arna chinneadh go náisiúnta (NDC) a ullmhú faoi chuimsiú Chomhaontú Pháras, ní leagtar amach ach méadú 5 % ar an sprioc 30 % a bhí ann roimhe sin maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoin mbliain 2030 agus ba cheart an sprioc sin a ardú a thuilleadh. Is díol sásaimh don Aontas gur glacadh plean náisiúnta um oiriúnú don athrú aeráide in 2021 agus tá sé ag súil go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach é.

Maidir le **cosaint tomhaltóirí agus sláinte**, tugann an tAontas dá aire nach bhfuil ach dul chun cinn teoranta déanta ag Montainéagró maidir le hailíniú reachtach le *acquis* an Aontais. Maidir le cosaint tomhaltóirí, cuireann an tAontas i dtreis an gá atá le tuilleadh ailínithe a dhéanamh, go háirithe maidir le cearta tomhaltóirí, creidmheas tomhaltóirí agus réiteach malartach díospóidí. Ní mór do Mhontainéagró tuilleadh ailínithe a áirithiú le *acquis* an Aontais maidir le cosaint sláinte, go háirithe maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann agus maidir le substaintí de bhunús daonna. Tathantaíonn an tAontas ar Mhontainéagró *acquis* an Aontais a bhaineann le cosaint sláinte a chur chun feidhme agus an cumas is gá a áirithiú dó, go háirithe i réimse an rialaithe tobac.

Maidir le **rialú airgeadais**, tugann an tAontas dá aire an dul chun cinn a rinneadh maidir le feabhas a chur ar chumais agus nósanna imeachta na hInstitiúide Iniúcháireachta Stáit chomh maith le bunús a leagan síos chun obair leantach níos éifeachtúla a dhéanamh ar mholtaí iniúcháireachta agus chun cumarsáid níos oscailte agus níos trédhearcaí a dhéanamh leis an bParlaimint agus leis an bpobal i gcoitinne. Tathantaíonn an tAontas ar Mhontainéagró an fheidhm lárnaithe iniúchta buiséid san aireacht airgeadais a chur i ngníomh, an chuntasacht bhainistíochta sa riarachán poiblí a stiúradh agus cur i bhfeidhm na cuntasachta bainistíochta sa riarachán poiblí a neartú, agus *acquis* an Aontais maidir leis an troid in aghaidh na calaoise a bhaineann le leasanna airgeadais an Aontais a ailíniú a thuilleadh.

Cúnamh réamhaontachais (IPA)

Iarrann an tAontas go ndéanfaí comhar níos dlúithe fós leis na húdaráis náisiúnta maidir le clársceidealú agus cur chun feidhme chistí an Aontais, go háirithe i réimse na bprionsabal bunúsach amhail an smacht reachta agus, ag an am céanna, úsáid á baint as na módúlachtaí cur chun feidhme uile atá ar fáil, lena n-áirítear tacaíocht bhuiséadach earnála agus ráthaíochtaí. Cuireann an tAontas i dtreis go gcuirfear cúnamh ar fáil chun na tosaíochtaí straitéiseacha a leagtar amach sa Chreat Clársceidealaithe agus i bPlean Infheistíochta agus Eacnamaíoch IPA III a chomhlíonadh, i gcomhréir le cuspóirí an bheartais um méadú.

Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró géarú ar chur chun feidhme chistí uile an Aontais, go háirithe na cláir a chuirtear de chúram ar Mhontainéagró faoi bhainistíocht indíreach. Ba cheart a áireamh ar na bearta ábhartha aghaidh a thabhairt ar bhearnaí foirne agus ráta athraithe foirne chomh maith le feabhas a chur ar fhaireachán agus rialú. Cuireann an tAontas chun suntais go n-úsáidfear den chuid is mó, faoi IPA III, cur chun feidhme cistí ón Aontas atá faoi bhainistíocht indíreach leis an tír thairbhíoch mar uirlis chun ullmhú do bhainistíocht éifeachtúil a dhéanamh ar chistí struchtúracha tar éis aontachais. D'fhonn dlús a chur le cur chun feidhme IPA III, meabhraítear don Aontas gur gá do Mhontainéagró sraith ábhartha aibí tionscadal IPA III a bhunú, go háirithe na tionscadail sin lena dtugtar aghaidh ar thosaíochtaí an Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta. Is uirlis thábhachtach cúnamh theicniúil fós é nascadh agus comhar a dhéanamh le Ballstáit an Aontais chun an acmhainneacht a neartú chun reachtaíocht an Aontais a ghlacadh agus a chur chun feidhme. Maidir le planáil infheistíochta, meabhraítear don Aontas an tairiscint atá déanta aige cabhrú le Montainéagró, agus cuireann sé i bhfios go láidir gur cheart do gach infheistíocht chaipitil caighdeán agus reachtaíocht an Aontais a urramú, gan beann ar chineál na hinfeistíochta nó foinse an mhaoinithe, lena n-áirítear iad siúd faoi chomhaontuithe idir-rialtasacha, chun a áirithiú go mbainfear an úsáid is éifeachtúla as acmhainní poiblí. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé comhordú a dhéanamh ar dheontóirí.

Leanann Montainéagró de bheith rannpháirteach sna cláir seo a leanas de chuid an Aontais, le tacaíocht IPA: Erasmus+, Eoraip na Cruthaitheachta (snáithe an Chultúir agus na Meán), Fostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta, Fís 2020, Custam 2020, Fiscalis 2020, Clár um Iomaíochas na bhFiontar agus um fhiontair bheaga agus mheánmhéide (COSME). Glacann Montainéagró páirt freisin lena chistí féin i gClár an Aontais Eorpaigh um Cheartas.

3.2. An caidreamh déthaobhach faoin gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais

Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil an Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais (CCC), faoi chuimsiú an Phróisis Cobhsaíochta agus Comhlachais, fós i gcroílár an chaidrimh idir an tAontas agus Montainéagró. Is díol sásaimh don Aontas an cuntas teiste dearfach atá ag Montainéagró maidir lena chuid oibleagáidí faoi CCC a chur chun feidhme.

Mír 4. Malartú tuairimí maidir lena bhfuil ag titim amach sna Balcáin Thiar

Rachaidh an tAontas Eorpach agus Montainéagró ar aghaidh chuig malartú tuairimí maidir lena bhfuil ag titim amach sna Balcáin Thiar.